Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10781/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0137(NLE)**

**TRANS 281**
**RELEX 767**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10686/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe lena leasaítear Comhaontú an 29 Meitheamh 2022 idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar<br>– Glacadh |

## COMHTHÉACS AGUS ÁBHAR AN TOGRA

1. An 3 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach comhaontaithe lena leasaítear Comhaontú an 29 Meitheamh 2022 idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar.

2. Síníodh an comhaontú tosaigh chun iompar lasta de bhóthar idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach, agus iompar lasta de bhóthar tríothu, a éascú, trí chearta breise idirthurais agus iompair earraí idir an Úcráin agus an tAontas a dheonú tar éis chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin agus an tsuaite nach beag a thagann leis sin ar gach modh iompair san Úcráin.

3. Chuir roinnt Ballstát imní in iúl le roinnt míonna anuas maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an leibhéal áitiúil ar earnáil an iompair de bhóthar. Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún sainordú chun athruithe ar an gComhaontú a chaibidil, go háirithe chun forfheidhmiú an Chomhaontaithe a éascú agus chun a chur chun feidhme a neartú. Deonaíodh an sainordú sin le cinneadh ón gComhairle (8321/24).

**SCRÚDÚ AR LEIBHÉAL NA MEITHLE**

4. An 7 Meitheamh 2024, chuir an Coimisiún toradh na caibidlíochta maidir leis an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle faoi bhráid na Meithle um Iompar de Thalamh agus san iarscríbhinn a ghabhann leis na dréachtleasuithe ar an gComhaontú. Chomhaontaigh na toscaireachtaí go bhfuil na dréachtleasuithe i gcomhréir leis an sainordú caibidlíochta.

**CONCLÚID**

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle, i gcuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 10782/24 agus na leasuithe ar an gComhaontú in 10783/24 a ghlacadh, chun síniú agus cur i bhfeidhm tosaigh an chomhaontaithe leasaithigh a cheadú.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE. Déanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.